

# Studied Drama | Sample Answer

**Ainmnigh an dráma ó Liosta Téacsanna Dualgais T2 a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa. Ní mór teideal an dráma sin agus ainm an scríbhneora a scríobh síos go cruinn.**

**(2020 Mock Q10)**

**Teideal an dráma:** Na Deoraithe

**Ainm an scríbhneora:** Celia de Fréine

**(a) Déan cur síos ar thús an dráma.**

Ag an tús an dráma, tháinig Elena abhaile óna hobair ag an ollmhargadh. Ghlan na cailíní an teach nuair a bhí sí amuigh agus bhí **iontadh** ar Elena nuair a chonaic sí an teach. Rinne na cailíní cupán tae di agus chuir siad ceist uirthi an raibh aon rud eile **ag teastáil** (wanted) uaithi. Bhí a fhios ag Elena go raibh rud éigin **aisteach** (strange) agus bhí sí ceart. Bhí na cailíní **ag lorg** (looking for) cead uaithi dul chuig an dioscó. Chuir siad an cheist uirthi ach, **sula bhféadfadh sí** (before she can) freagra a thabhairt, shroich Mamó an teach **i dtacsáí** (in a taxi).

**(b) Pléigh an caidreamh a bhí idir beirt charachtair sa dráma.**

Tá caidreamh maith ann idir na deirfiúracha sa dráma, Kayta agus Nadia. Oibríonn siad go maith le chéile agus réitíonn siad go han mhaith. Déanann siad gach rud le chéile agus **freastalaíonn siad** (they attend) ar an scoil chéanna. Is léir go bhfuil **dlúthcaidreamh** (close relationship) acu agus go bhfuil a lán grá **eatarthu** (between them).

Sa dráma, feicimid na cailíní ag obair le chéile chun an teach a ghlanadh. Tá plean acu mar tá siad ag teastáil an dioscó a fhreastáil. **Léiríonn sé seo dúinn** (this shows us) go bhfuil **muinín** (trust) acu ar a chéile.

**(c) An raibh tú sásta le críoch an dráma? Bíodh dhá chúis le do fhreagra.**

Ní raibh mé sásta le críoch an dráma mar chríochnaigh sé **ró-tobann** (too suddenly). Níl a fhios againn cad go díreach a tharla le Nikolai. Bhí sé gortaithe go dona ag an stáisiúin traenach agus **ní bhfuairamar amach** (we didn't find out) cad a tharla tar éis sin.

Chomh maith le sin, ní raibh mé sásta leis an gcríoch mar chuir sé brón orm mar bhí Nikolai gortaithe. Bhí an chlann ag lorg **tearmann** (refuge) agus i mo thuairim bhí saol níos fearr **tuillte** (deserved) acu. Tháinig siad go hÉireann mar ní raibh siad **sábháilte** (safe) in Úcráin ach feicimid go mbíonn **foréigean** (violence) i ngach áit. Chuir sé sin brón orm agus mar sin, ní raibh mé sásta leis an gcríoch.